Lá Idirnáisiúnta in aghaidh na Bulaíochta



Eochairfhocail: bulaíocht, cineálta, seanfhocal, gaelscoil
Príomhscileanna: éisteacht, léamh, scríobh, labhairt

Breathnaigh ar an mír nuachta seo agus freagair na ceisteanna thíos:

1. Cad a phléigh daltaí Ghaelscoil Chaladh an Treoigh ar Lá Idirnáisiúnta in aghaidh na Bulaíochta?
2. Cén míniú a thugann Hannah ar an mbulaíocht?
3. Cén seanfhocal atá scríofa ar an eilifint i nGaelscoil Chaladh an Treoigh?
4. Ainmnigh dhá fhocal eile atá scríofa ar an eilifint sa scoil agus a luann Noah.

Anois, scríobh amach na habairtí seo a leanas i gceart i do chóipleabhar.

- Is Gaelscoil/Gaelscoileanna/Gaelscoile í an scoil sin a bhí sa mhír nuachta seo.
- Bhí Lá Idirnáisiúnta in aghaidh na Bulaíocht/Bulaíochta/Bulaíochtaí ar siúl an tseachtain seo.
- Bhí seanfhocal scríofa/scríobha/scriofa ar an eilifint sa scoil.
- D'fhoghlaim na daltaí tá/a bhfuil/go bhfuil sé tábhachtach a bheith go deas le daoine

Lá Idirnáisiúnta in aghaidh na Bulaíochta



Eochairfhocail: bulaíocht, cineálta, seanfhocal, gaelscoil
Príomhscileanna: éisteacht, léamh, scríobh, labhairt

Freagraí:

1. Tábhacht an chineáltais
2. Nuair a bhíonn daoine ag piocadh ar dhaoine eile nó nuair nach mbíonn daoine go deas le daoine eile
3. Mol an óige agus tiocfaidh sí
4. Grá, dóchas, cineáltas, éisteacht

- Is Gaelscoil í an scoil sin a bhí sa mhír nuachta seo.
- Bhí Lá Idirnáisiúnta in aghaidh na Bulaíochta ar siúl an tseachtain seo.
- Bhí seanfhocal scríofa ar an eilifint sa scoil.
- D'fhoghlaim na daltaí go bhfuil sé tábhachtach a bheith go deas le daoine.

